AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 11.3.2024
COM(2024) 111 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir le feidhmiú na cumhachta a thugtar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh le Rialachán (AE) 2019/2152 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le staidreamh gnó Eorpach

1. RÉAMHRÁ

Le Rialachán (AE) 2019/2152 an 27 Samhain 2019 maidir le staidreamh gnó Eorpach, lena n-aisghairtear 10 ngníomh dlí i réimse an staidrimh gnó [1], tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

De réir Airteagal 5(2) den Rialachán seo, is féidir an chumhacht sin a úsáid chun: (i) Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán a leasú trí na cineálacha faisnéise staidrimh atá le soláthar ag na húdaráis chánach a shainiú; agus (ii) an Rialachán a fhorlíonadh trí na mionsonraí don fhaisnéis staidrimh atá le soláthar ag na húdaráis chánach i gcomhréir le hIarscríbhinn V a shonrú tuilleadh.

Thairis sin, de réir Airteagal 5(3), is féidir an chumhacht sin a úsáid chun: (i) Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán a leasú trí na cineálacha faisnéise staidrimh atá le soláthar ag na húdaráis chustaim a shainiú; agus (ii) an Rialachán a fhorlíonadh trí na mionsonraí don fhaisnéis staidrimh atá le soláthar ag na húdaráis chustaim i gcomhréir le hIarscríbhinn V a shonrú tuilleadh.

Ar deireadh, de réir Airteagal 6(4), is féidir an chumhacht sin a úsáid chun na topaicí mionsonraithe a shonraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán a leasú agus, de réir Airteagal 12(2), chun an Rialachán a leasú tríd an ráta cumhdaigh le haghaidh onnmhairí earraí laistigh den Aontas a laghdú i bhfianaise forbairtí teicniúla agus eacnamaíocha, agus staidreamh a chomhlíonann na caighdeáin cháilíochta atá i bhfeidhm á choinneáil ag an am céanna.

2. BUNÚS DLÍ

Éilítear an tuarascáil seo faoi Airteagal 22(2) de Rialachán (AE) 2019/2152, lena dtugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh ar feadh tréimhse 5 bliana ón 6 Eanáir 2020. Déantar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse. Ceanglaítear ar an gCoimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a tharraingt suas i leith tharmligean na cumhachta, i.e. faoin 5 Aibreán 2024.

3. FEIDHMIÚ CUMHACHTAÍ TARMLIGHTE AG AN gCOIMISIÚN FAOI RIALACHÁN (AE) 2019/2152

D'fheidhmigh an Coimisiún a chumhacht agus ghlac sé Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1704 ón gCoimisiún an 14 Iúil 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/2152 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí mhionsonraí na faisnéise staitistiúla atá le soláthar ag údaráis chánach agus chustaim a shonrú tuilleadh agus trí Iarscríbhinní V agus VI a leasú[2].

Dá bhrí sin, sa Rialachán Tarmligthe seo sonraítear tuilleadh an fhaisnéis ó thuairisceáin cánach breisluacha (CBL) agus an fhaisnéis maidir le soláthairtí laistigh den Aontas a bhailítear ó na ráitis achoimreacha CBL, atá le soláthar ag údaráis chánach d'údaráis staidrimh náisiúnta. Ag an am céanna, leasaítear leis Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/2152 chun a áirithiú go mbeidh faisnéis maidir le ciandíolacháin earraí laistigh den Aontas san fhaisnéis a sholáthraíonn na húdaráis chánach d'údaráis staidrimh náisiúnta freisin.

[1] Rialachán (AE) 2019/2152 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le staidreamh gnó Eorpach, lena n-aisghairtear 10 ngníomh dlí i réimse an staidrimh gnó (IO L 327, 17.12.2019, lch. 1).

[2] IO L 339, 24.9.2021, lch. 33.

Maidir le faisnéis a bhaineann leis na taifid ar allmhairí agus ar onnmhairí ó dhearbhuithe custaim, sa Rialachán Tarmligthe déantar an fhaisnéis atá le soláthar ag údaráis chustaim d'údaráis staidrimh náisiúnta a shonrú tuilleadh. Ag an am céanna, maidir leis an oibleagáid atá ar údaráis chustaim sonraí dearbhaithe custaim a sholáthar d'údaráis staidrimh náisiúnta, arb oibleagáid í a bhaineann le himréiteach láraithe, áirithítear go mbeidh feidhm aici sa Bhallstát ina bhfuil na hearraí lonnaithe. Áirithítear leis an Rialachán Tarmligthe freisin gur féidir le húdaráis staidrimh náisiúnta faisnéis a fháil óna n-údaráis chustaim maidir le simplithe custaim a cuireadh i bhfeidhm agus maidir leis na hoibreoirí trádála lena mbaineann.

4. CONCLÚID

D'fheidhmigh an Coimisiún an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, cumhacht a thugtar dó le Rialachán (AE) 2019/2152. Measann an Coimisiún gur cheart dó leanúint de na cumhachtaí tarmligthe a bheith aige de bhun Rialachán (AE) 2019/2152, ós rud é gur gá dó an fhaisnéis atá le soláthar ag údaráis chánach agus ag údaráis chustaim dá n-údaráis staidrimh náisiúnta a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn leanúnach, rud a léiríonn na forbairtí leanúnacha a bhaineann le hinfhaighteacht faisnéise a bhaineann le CBL agus dearbhuithe custaim. Cumasaíonn sé sin, ar thaobh amháin, staidreamh cruinn a tháirgeadh maidir le trádáil idirnáisiúnta earraí ar ardchaighdeán. Ar an taobh eile, má sholáthraíonn údaráis chánach agus údaráis chustaim an fhaisnéis sin dá n-údaráis staidrimh náisiúnta, is féidir an t-ualach tuairiscithe ar ghnólachtaí a choinneáil chomh híseal agus is féidir.

Sa todhchaí, d'fhéadfadh sé gur ghá na topaicí mionsonraithe a shonraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/2152 a leasú, agus an ráta cumhdaigh le haghaidh onnmhairí earraí laistigh den Aontas a laghdú i bhfianaise forbairtí teicniúla agus eacnamaíocha, agus staidreamh a chomhlíonann na caighdeáin cháilíochta atá i bhfeidhm á choinneáil ar bun ag an am céanna. Tugtar de chumhacht don Choimisiún na leasuithe sin a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 6(4) de Rialachán (AE) 2019/2152.

Iarrann an Coimisiún ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle an tuarascáil seo a thabhairt dá n-aire.